Deireadh Fómhair---Tionscnamh Simplí Scoile do Mhí na Misean

Tugann Mí Deireadh Fómhair deis dúinn ár mbuíochas a chur in iúl as ucht an cúnamh ar fad a thugann muide mar mhuintir Iarthar na hÉireann, chun Soiscéal Íosa a chraobhscaoileadh i ngach ceard den domhan. Cuimhnímid agus glacann muid buíochas as an gcrógacht, an díocas agus an fhlaithiúlacht atá léirithe ag na céadta fear agus bean anuas tríd na blianta.

1. Cuir Léarscáil den Domhan (ceann mór millteach más féidir) in áit éigin follasach sa scoil m.s. póirse tosaigh na scoile/halla tionóla.
2. Tabhair cuireadh do na páistí ceist a chur ar a dtuismitheoirí, sean tuistí nó baill eile den chlann má tá aithne acu ar aon duine a chaith roinnt ama ag obair thar lear, mar bhall de ord reiligiúnach nó mar oibrí deonach.

3. Ar an léarscáil cuir ainm an duine sin ar an tír/réigiún ina raibh sé/sí ag obair, nó b'fhéidir go bhfuil sé/sí fós ag obair ansin. Is féidir bratach beag nó greamán a chur le taobh an ainm.

4. *Dathanna: Ba é an tEaspag Fulton Sheen, a chur le chéile iad seo (iar easpag as Meiriceá):--*
   a) Glas don Aifric: Ag léiriú na dTailte Sabhána
   b) Gorm don Aigéine: Ag léiriú na nAigéin
   c) Dearg do thailte Mheiriceá---Is anseo a lasadh lasair an chreidimh don chéad uair.
   d) Buí don Áis: de bhrí go n-éiríonn an ghrian san oirthear.
   e) **Bán don Eorap:** de bhrí gor anseo a chónaíonn an Pápa.

WORLD MISSIONS IRELAND